www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2019

# Matamaitic

Aonad M7 Páipéar 1
**(Gan-Áireamhán)**
Ardsraith

**[GMC71]**

*GMC71*

**DÉARDAOIN 6 MEITHEAMH, 9.15am–10.30am**

**AM**

1 hour 15 minutes.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist **déag**.
Ba chóir an obair go léir a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Níl** cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir go mbeadh rialóir, compáis agus uillinntomhas agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

11945.04


www.xtrapapers.com

# Bileog Foirmlí

**Toirt phriosma** = achar trasghearrtha × fad





**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a+b)h$





**Toirt chóin** $= \frac{1}{3}\pi r^2 h$

**Achar dromchla cuartha cóin** $= \pi r l$





**Toirt sféir** $= \frac{4}{3}\pi r^3$

**Achar dromchla sféir** $= 4\pi r^2$




**I dtriantán *ABC* ar bith**




**An Chothromóid Chearnach**

Faightear réitigh $ax^2 + bx + c = 0$
an áit a bhfuil $a \neq 0$ tríd

$$x = \frac{-b \pm \sqrt{b^2 - 4ac}}{2a}$$

**Riail an tSínis:** $\frac{a}{\sin A} = \frac{b}{\sin B} = \frac{c}{\sin C}$

**Riail an Chomhshínis:**


$a^2 = b^2 + c^2 - 2bc \cos A$

**Achar an triantáin** $= \frac{1}{2}ab \sin C$

11945.04

www.xtrapapers.com

**1**




Tomhais, agus scríobh, treo-uillinn na loinge ón bhaile.

Freagra __________ ° [2]

**2** **(a)** Líon isteach an chéad dá théarma eile den tseicheamh seo.

14, 13, 11, 8, ☐, ☐ [2]

**(b)** Scríobh ainm na n-uimhreacha sa tseicheamh thíos.

1, 8, 27, 64, ...

Freagra ____________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**3** Cheannaigh Tomás mála lán guail.

I ndiaidh seachtain amháin bhí an mála $\frac{2}{3}$ lán.


Le linn na seachtaine ina dhiaidh sin d'úsáid sé $\frac{1}{4}$ den méid guail a bhí fágtha.

Cad é an codán a bhí fágtha sa mhála?

Freagra ______________ [2]

www.xtrapapers.com

**4** Frithchaith an triantán atá taispeánta sa ***y*-ais**.





[1]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com


**5** **(a)** Ríomh méid uillinn $x$.




níl an léaráid tarraingthe go cruinn

Freagra ________ ° [2]

**(b)** Déan líníocht chruinn den triantán atá sceitseáilte thíos.




Q ×


[3]

www.xtrapapers.com

**6** Líonann meaisín boscaí le gránach bricfeasta.

Ba chóir go mbeadh meáchan 375 g i ngach bosca.

Tógann Séamas 100 bosca agus meánn sé iad le cruinneas an mheaisín a thástáil.




| Meáchan (g) | Níos lú ná 375 | 375 go díreach | Níos mó ná 375 |
|---|---|---|---|
| Líon boscaí | 9 | 58 | 33 |

**(a)** Cad é an dóchúlacht go bhfuil meáchan níos lú ná 375 g i mbosca amháin acu siúd a thógann Séamas?

Freagra __________ [1]

**(b)** Líonann an meaisín 5000 bosca.


Ríomh an líon boscaí a mbeifeá ag dúil le go mbeadh meáchan níos lú ná 375 g iontu.

Freagra __________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**7**





Tá an t-achar céanna ag an dá dhronuilleog thuas.

Meastachán in úsáid agat, déan fad, L, an dara dronuilleog a mheas.

Freagra L= __________ cm [2]

www.xtrapapers.com

**8**



**(a)** **(i)** Cad é iomlán na n-uillinneacha uilig sna trí thriantán atá ar taispeáint?

Freagra __________ ° [1]

**(ii)** Cad é suim na n-uillinneacha inmheánacha de pholagán cúigshleasach?

Freagra __________ ° [1]

**(b)** Cad é suim na n-uillinneacha inmheánacha de pholagán seachtsleasach?

Freagra __________ ° [2]

**9** Athscríobh $4 + x = 9 - y$ le go mbeidh $y$ mar ábhar.

Tabhair do fhreagra ina fhoirm is simplí.

Freagra $y =$ __________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**10** **(a)** Scríobh an uimhir dhénártha 10101 mar uimhir dheachúlach.


Freagra ____________ [1]

**(b)** Scríobh an uimhir dheachúlach 26 mar uimhir dhénártha.

Freagra ____________ [1]

www.xtrapapers.com

**11**




**(a)** Cuir síos ina iomláine ar an trasfhoirmiú **shingil** a mhapálann triantán **T** ar thriantán **Q**.

Freagra ______________________________ [3]

**(b)** Ar an eangach, tarraing íomhá thriantán **T** i ndiaidh aistriú $\begin{pmatrix} 2 \\ -5 \end{pmatrix}$. [2]

www.xtrapapers.com

**12** Déantar dísle séshleasach a rolladh 800 uair.

Taispeánann an tábla thíos an mhinicíocht choibhneasta a bhaineann le huimhir a sé a scóráil i ndiaidh líonta difriúla rolltaí.

| Líon rolltaí | Minicíocht choibhneasta de shé |
|---|---|
| 100 | 0.3 |
| 200 | 0.26 |
| 300 | 0.27 |
| 500 | 0.23 |
| 800 | 0.25 |

**(a)** Cá mhéad uair a bhí an sé scóráilte i ndiaidh 300 rolladh?

Taispeáin an dóigh a bhfuair tú do fhreagra.

Freagra ______________ [2]

**(b)** Cé acu minicíocht choibhneasta ón tábla a thugann an meastachán is fearr den dochúlacht go scórálfar an sé nuair a dhéantar an dísle seo a rolladh?

Mínigh do fhreagra.

Freagra ___________

Fáth ________________________________________________ [2]

**(c)** Cá mhéad sé a mbeifeá ag dúil lena fháil dá ndéanfaí dísle **cothrom** séshleasach a rolladh 300 uair?

Freagra ___________ [2]

www.xtrapapers.com

**13** Réitigh

$$12 - n \quad > \quad 4n - 3$$

Freagra ________________ [2]

**14** Tá sé léine, ocht gcarbhat agus cúig scaif ag Seán.

Tá Seán ag dul amach le dinnéar a fháil agus ní mór dó léine **agus** ceachtar acu carbhat nó scaif a roghnú le caitheamh.

Cá mhéad meascán difriúil atá ag Seán le roghnú uathu?

Freagra ______________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

www.xtrapapers.com

**15** Faigh luach

**(a)** $3^0 + 4^0$

Freagra ____________ [1]

**(b)** $2^{-3}$

Freagra ____________ [1]

**16** Tá leathmhilliún síol i mála síolta aon ghram amháin.

Má tá an meáchan céanna i ngach síol, ríomh meáchan síol amháin ina ghraim.

Tabhair do fhreagra i bhfoirm chaighdeánach.


Freagra ____________ g [3]

www.xtrapapers.com

**17** Nuair a théann Jan chuig an ghiomnáisiam, is é $\frac{3}{4}$ an dóchúlacht go gcaitheann sí culaith spóirt.

Nuair a théann Tina chuig an ghiomnáisiam, is é $\frac{2}{3}$ an dóchúlacht go gcaitheann sí culaith spóirt.

Comhlánaigh an léaráid chrainn.




[3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

# NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

11945.04